Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdú Ardteistiméireachta 2009

Leabhrán Eolais don Iarrthóir

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2009

RÉAMHRÁ

Is é an aidhm atá leis an leabhrán seo ná gearrchuntas a thabhairt duit ar an gcaoi a ndéantar scrúdú na hArdteistiméireachta a reáchtáil. Déantar ceisteanna a fhreagairt ann a bhíonn á gcur ag iarrthóirí agus ag a dtuismitheoirí go minic. Tá súil againn go mbainfidh tú tairbhe as an eolas sa leabhrán seo, agus sinn ag druidim leis an scrúdú. Is féidir mioneolas breise ar gach gné den scrúdú a aimsiú ar ár suíomh gréasáin www.examinations.ie. Má tá a thuilleadh ceisteanna agat maidir le Scrúdú na hArdteistiméireachta déan teagmháil linn le do thoil:

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
Cor na Madadh,
Baile Átha Luain,
Co. na hIarmhí.
Teil: 090-6442700

Ar mhaithe le cothrom na Féinne a thabhairt do gach iarrthóir ní mór na scrúduithe a rith ar bhealach dea-rialaithe. Bíonn fógraí ar taispeáint in ionaid scrúdaithe chun na rialacha is tábhachtaí a gcaithfidh iarrthóirí cloí leo le linn na scrúduithe a mheabhrú dóibh. Ag deireadh an leabhráin seo gheobhaidh tú na rialacha maidir le hiompar iarrthóirí ag na scrúduithe féin. Comhairlítear duit a bheith ar an eolas maidir leis na rialacha sin. Má tá amhras ar bith ort maidir le ceist ar bith, ba chóir duit dul i dteagmháil ar an gcéad dul síos le húdarás scoile/leis an bhFeitheoir scrúdaithe.

EOLAS GINEARÁLTA MAIDIR LE RIAR NA SCRÚDUITHE

Déanfaidh breis agus 58,000 iarrthóir an Ardteistiméireacht i 2009. Scrúdófar breis agus 950,000 comhpháirt san iomlán (páipéir scríofa, béaltrialacha, trialacha cluastuisceana agus obair phraiticiúil) a mbronnfar 350,000 grád i 50 ábhar éagsúla mar thoradh orthu. Déanann Coimisiún na Scrúduithe Stáit maoirseacht agus riar ar scrúdú na hArdteistiméireachta le comhoibriú na n-údarás scoile.

Beidh breis agus 2,000 Feitheoir ag déanamh feitheoireachta ar scrúduithe scríofa na hArdteistiméireachta i mí an Mheithimh. Déanann 2,800 scrúdaitheoir san iomlán obair na n-iarrthóirí a scrúdú.

AN SCRÚDPHÁIPÉAR

Conas a dhéantar scrúdpháipéir a ullmhú?

Bainisteoirí Scrúdaithe agus Measúnaithe sa Choimisiún a ullmhaíonn na scrúdpháipéir le cúnamh ó speisialtóirí (múinteoirí den chuid is mó) i ngach ábhar.

Cad a bheidh ar eolas ag iarrthóirí maidir le formáid/leagan amach an pháipéir?

Cé go n-athraíonn na ceisteanna ar na scrúdpháipéir ó bhliain go bliain, cloítear de ghnáth le formáid agus le leagan amach ar leith. Pé uair a bhíonn athrú suntasach beartaithe, nó nuair a thugtar isteach siollabas nua, cuireann an Coimisiún samplaí den fhormáid nua ar fáil do scoileanna in am go maith do na scrúduithe.

IONTRÁIL AR NA SCRÚDUITHE

Conas a fhaigheann an Coimisiún sonraí na n-iarrthóirí agus na n-ábhar a roghnaíonn siad?

I gcás na n-iarrthóirí atá ag freastal ar scoileanna iarbhunoideachais is iad na hiarrthóirí féin a sholáthraíonn na sonraí riachtanacha don Choimisiún trí mheán na scoileanna. Dearbhaíonn an Coimisiún an t-eolas sin leis an scoil agus leis na hiarrthóirí roimh na scrúduithe. Cuirtear cóip de na sonraí iontrála ar fáil don Lár-Oifig Iontrála (CAO) chun cuidiú le próiseáil iarratas na n-iarrthóirí ar áiteanna ar na coláistí.

AN SCRÚDÚ

Conas a dhéantar feitheoireacht ar na scrúduithe?

Feitheoir a dhéanann feitheoireacht ar gach ionad scrúdaithe. Déanann an Feitheoir maoirseacht ar reáchtáil na scrúduithe. Ar na cúraim atá i gceist leis sin tá, na scrúdpháipéir agus na freagarleabhair a dháileadh, a dheimhniú go dtosaíonn agus go gcríochnaíonn na scrúduithe ag an am ceart, agus a dheimhniú go bhfuil timpeallacht oiriúnach ag na hiarrthóirí chun a gcuid scrúduithe a dhéanamh.

An bhfuil rialacha sonraithe ann maidir le hiompar na n-iarrthóirí?

Tá. Baineann siad sin le leithéidí an ama is cóir a bheith i láthair, an t-ionad a fhágáil roimh dheireadh an scrúdaithe, cóipeáil, etc. Tá na rialacha leagtha amach i gcúl chúl an leabhráin seo. Ba chóir d'iarrthóirí a dheimhniú go bhfuil mioneolas acu ar na rialacha sula dtosaíonn na scrúduithe.

An bhfuil rialacha ann maidir le hobair chúrsa phraiticiúil a chríochnú?

Obair indibhidiúil an iarrthóra féin is cóir a bheith san obair chúrsa phraiticiúil ar fad. Ní mór d'iarrthóirí an obair chúrsa phraiticiúil a chur i gcrích faoi mhaoirseacht an mhúinteoir ranga ionas gur féidir leis an múinteoir monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn ar bhonn rialta agus a bheith in ann, tráth an spriocdháta chun obair chúrsa phraiticiúil a chríochnú, an obair a dhearbhú mar obair indibhidiúil an iarrthóra féin.

Déanfar fiosrú iomlán ar gach eachtra ina bhfuil amhras ar chóipeáil, ar bhradaíl nó ar chúnamh míchuí ó thríú páirtí. Tá na pionóis is féidir a ghearradh i gcásanna dá leithéid leagtha amach in Rialacha agus Clár do Mheánscoileanna. Ina measc tá cailleadh an ábhair, cailleadh an scrúdaithe go hiomlán i ngach ábhar nó a bheith dícháilithe sna Scrúduithe Teistiméireachta sna blianta ina dhiaidh sin.

D'fhéadfadh iarmhairtí tromchúiseacha a bheith ann do thríú páirtí ar bith eile a bhfuil baint aige/aici le cúnamh míchuí a thabhairt d'iarrthóir mar atá leagtha amach san Acht Oideachais 1998, ina bhfuil soláthar déanta do chionta áirithe maidir le reáchtáil na scrúduithe.

Conas a dhéantar oiriúntas le hiarrthóirí a bhfuil deacrachtaí fisiceacha nó deacrachtaí foghlama acu?

Iarrthóirí atá i riocht atá buan nó fadtréimhseach, e.g. fadhbanna amhairc nó éisteachta, nó saindeacrachtaí foghlama, a chreideann siad a dhéanfaidh díobháil dá bhfeidhmíocht sna scrúduithe, is féidir leo iarratas a dhéanamh ar Choimisiún na Scrúduithe Stáit ar shocruithe réasúnta a chuideoidh leo leibhéal a ngnóthachtála a léiriú. Is trí údarás na scoile a dhéantar an t-iarratas ar shocruithe dá leithéid.

Is é cuspóir na socruithe réasúnta:

(a) drochthionchar an mhíchumais ar fheidhmíocht iarrthóra a chur ar neamhní chomh fada agus is féidir, ionas gur féidir leis an iarrthóir leibhéal a g(h)nóthachtála a léiriú sa scrúdú.

(b) a dheimhniú go mbeidh deis ag iarrthóirí leibhéal a ngnóthachtála a léiriú gan buntáiste a bhronnadh orthu leis na socruithe réasúnta i gcomórtas le hiarrthóirí eile ar an scrúdú céanna.

Is é an chaoi a ndéanann iarrthóir a c(h)uid staidéir nó a c(h)uid cumarsáide de ghnáth a chinnfidh an socrú réasúnta a theastóidh.

Ar an réimse socruithe réasúnta atá ar fáil tá: (a) socruithe a dhéanamh le go léifí na scrúdpháipéir don iarrthóir; (b) scrúdpháipéir leasaithe a chur ar fáil agus ceisteanna malartacha iontu in áit ceisteanna a thagraíonn d'áiseanna amhairc, e.g. léaráidí, grianghraif, léarscáileanna; (c) leaganacha braille de scrúdpháipéir a chur ar fáil; (d) scrúdpháipéir a chur ar fáil faoi chló méadaithe; (e) a cheadú d'iarrthóirí a gcuid freagraí a thaifeadadh ar téip, nó a dhéanamh le clóscríobhán nó le próiseálaí focal; (f) a cheadú d'iarrthóirí freagraí a dheachtú do dhuine a bheadh ag obair mar scríobhaí in ionad iad a thaifeadadh ar téip.

Tharlódh go bhfágfadh riachtanas speisialta iarrthóra nach mbeadh sé/sí in inmhe a bheith rannpháirteach i modh áirithe measúnaithe. Tharlódh nach mbeadh triail chluastuisceana oiriúnach d'iarrthóir a mbeadh géarlagú éisteachta air/uirthi, mar shampla. Is féidir d'iarrthóir mar sin díolúine a éileamh i gcás gné(ithe) ar leith de scrúdú agus a éileamh go mbunófaí a ghrád ar an gcuid eile dá c(h)uid oibre san ábhar. Agus iad ag faomhadh díolúine don iarrthóir cuirfidh an Coimisiún in iúl dó/di cad a déarfar i nóta mínithe ar bith maidir leis an ábhar a bheadh ar an teastas a bhronnfaí. Ní bheidh i nóta mínithe dá leithéid ach sonraí faoin gcoigeartú a rinneadh ar an measúnú. Ní bheidh aon eolas ann faoi mhíchumas an iarrthóra. Beidh nóta mínithe den saghas céanna ar an teastas i gcás aon ábhair ina bhfágann an socrú réasúnta nach féidir tástáil a dhéanamh ar inniúlacht áirithe ar bith a mbronntar marcanna uirthi de ghnáth.

Déantar socruithe réasúnta, nuair is féidir é, d'iarrthóirí a mbaineann timpistí dóibh díreach roimh na scrúduithe nó lena linn. Is cóir d'iarrthóirí teagmháil lena scoil má tharlaíonn a leithéid. Sampla den socrú réasúnta is féidir a dhéanamh i gcás mar sin ná a cheadú d'iarrthóir scrúduithe a dhéanamh in ospidéal.

Iarrthóir ar bith nach mbeadh sásta leis an socrú réasúnta a mbeadh sé i gceist ag an gCoimisiún é a dhéanamh, is féidir leis/léi achomharc a dhéanamh ar choiste neamhspleách achomharc.

PRÓISEAS NA MARCÁLA

Cé a dhéanann obair an iarrthóra a mharcáil?

Déanann an Coimisiún scrúdaitheoirí cúnta a cheapadh chun an mharcáil a dhéanamh i ngach ábhar ar leith. Déanann scrúdaitheoirí comhairleacha feitheoireacht ar na scrúdaitheoirí cúnta agus déanann Príomhscrúdaitheoir maoirseacht ar an obair. Is Bainisteoir Scrúdaithe agus Measúnaithe sa Choimisiún é/í an Príomhscrúdaitheoir de ghnáth.

Conas a dhéantar obair iarrthóra a mharcáil?

Chun a dheimhniú go ndéantar obair gach iarrthóra a mharcáil ar an gcaoi chéanna, ullmhaítear scéim mharcála do gach scrúdú. Bíonn an scéim mharcála i bhfad níos mionsonraithe ná an dáileadh marcanna a thaispeántar ar an scrúdpháipéar, agus déileálann sí leis na bealaí inghlactha le gach ceist a fhreagairt. Scrúdaitheoirí a bhfuil seantaithí acu ar an obair a chuireann bailchríoch ar an scéim mharcála le linn comhdhálacha a thionóltar go gairid tar éis na scrúduithe. Fágann sin gur féidir tuairimí atá nochta ag cumann múinteoirí an ábhair, agus ag páirtithe leasmhara eile, a chur san áireamh. Foilsíonn an Coimisiún scéimeanna marcála do gach ábhar ina dhiaidh sin.

Conas a dhéantar monatóireacht ar an bpróiseas marcála?

Déanann an Príomhscrúdaitheoir agus scrúdaitheoirí comhairleacha maoirseacht ar obair mharcála na scrúduithe. Féachann siad chuige go marcálann na scrúdaitheoirí go léir de réir na scéime marcála. Ag céimeanna éagsúla le linn phróiseas na marcála cuireann scrúdaitheoirí samplaí d'obair iarrthóirí atá marcáilte acu ar fáil. Soláthraíonn siad staitisticí freisin ar na marcanna atá siad a bhronnadh chun gur féidir leanúint leis an monatóireacht ar an bpróiseas marcála.

ULLMHÚ AGUS EISIÚINT NA dTORTHAÍ

Conas a dhéantar na torthaí a phróiseáil agus a dheimhniú i gCoimisiún na Scrúduithe Stáit?

Nuair a bhíonn marcáil na scripteanna curtha i gcrích ag scrúdaitheoir agus na suimeanna uimhríochta riachtanacha déanta aige/aici déanann sé/sí na marcanna a thaifeadadh ar bhileoga marcála ar leithligh ó na scripteanna indibhidiúla. Seoltar na bileoga marcála sin ar ais chuig an gCoimisiún, áit a ndéantar iad a sheiceáil, agus áit a réitítear aon cheist a chuireann an scrúdaitheoir ar aghaidh. Déantar marc iomlán an iarrthóra ar gach comhpháirt d'ábhar (béaltriail, triail chluastuisceana, obair phraiticiúil, páipéar 1, páipéar 2, etc.) a iontráil sa chóras ríomhaireachta agus déanann oibrí éagsúil é a iontráil an dara huair chun a chinntiú go bhfuil gach rud cruinn ceart.

An mbíonn earráidí ann?

Nuair a chuirtear san áireamh an toirt ollmhór scripteanna agus ábhar eile scrúdaithe a bhíonn ann, agus an líon mór daoine a bhfuil baint acu le marcáil agus le próiseáil na dtorthaí, bíonn leibhéal an-íseal earráidí ann. Tá córas ag an gCoimisiún le gach rud a sheiceáil agus a athsheiceáil ionas gur féidir earráidí a aimsiú agus a cheartú sula n-eisítear na torthaí. Déantar athbhreithniú seasta ar na córais oibre agus neartaítear iad nuair is gá. San áireamh iontu tá tuairisc fhorlíontach a eisiúint leis na torthaí (féach an cheist a leanann ar fhormáid na dtorthaí) agus barrachóid a úsáid chun obair na n-iarrthóirí a rianú agus í ag gluaiseacht idir na scoileanna, an Coimisiún agus na scrúdaitheoirí.

Cén fhormáid atá ar na torthaí?

Ar an gcéad dul síos, tugtar ráiteas torthaí sealadacha d'iarrthóirí. Cuirtear tuairisc fhorlíontach nó tuairisc bhreise ar fáil chomh maith i gcás ar bith nach bhfuil creidiúint ar chomhpháirt riachtanach san áireamh i dtoradh iarrthóra in ábhar il-chomhpháirteach. Mar shampla, mura ndéanann iarrthóir Páipéar 1 sa Ghaeilge ní bhfaighidh sé/sí creidiúint ar bith ar an bpáipéar sin sa ghrád iomlán. Eiseofar tuairisc fhorlíontach le toradh an iarrthóra sin á dhearbhú nár tugadh creidiúint ar bith ar Pháipéar 1. Fágann sin gur féidir leis an iarrthóir é/í féin a shásamh gur cuireadh gach comhpháirt a rinne sé/sí san áireamh agus an grád deiridh aige/aici á ríomh. Tugtar cóip de na torthaí sealadacha do na scoileanna freisin.
Is cóir d'iarrthóirí a thuiscint gur cion is ea é, de réir théarmaí Acht Oideachais 1998, claochlú ar bith a dhéanamh ar thaifead ar a bhfuil torthaí scrúdaithe nó úsáid a bhaint as aon taifead dá leithéid agus a fhios aige/aici go bhfuil na torthaí sin bréagach.

Cad iad na socruithe chun torthaí a eisiúint i 2009?

Déanfar na torthaí a sheachadadh chuig scoileanna Dé Céadaoin, 12ú Lúnasa, 2009. Déanfaidh an Coimisiún na torthaí sealadacha a sheoladh go leictreonach freisin chuig an Lár-Ionad Iontrála (CAO). Fágann sin go mbeidh ar chumas an CAO na hiarratais ar áiteanna san Ardoideachas a phróiseáil gan aon mhoill fad atá ráitis na dtorthaí sealadacha á n-eisiúint chuig scoileanna. Is féidir, dá bharr sin, na tairiscintí ar áiteanna san Ardoideachas a eisiúint chuig iarrthóirí chomh luath agus is féidir é.

SEIRBHÍS DIAILITHE TORTHAÍ AGUS SEIRBHÍS IDIRLÍN

Le blianta beaga ceadaíodh d'iarrthóirí a gcuid torthaí a fháil ar an teileafón agus ar an Idirlíon, agus iad ag baint úsáide as Uimhir Aitheantais Phearsanta (PIN) mar aon leis an scrúduimhir. I mbliana beidh an dá sheirbhís sin (an tseirbhís teileafóin agus an tseirbhís Idirlín) ar fáil ó mheán lae an lá a eiseofar na torthaí, Dé Céadaoin, 12ú Lúnasa. Seirbhís mhalartach atá i gceist leis na seirbhísí teileafóin agus Idirlín má tharlaíonn, ar chúis éigin, nach féidir le hiarrthóirí leas a bhaint as an tseirbhís torthaí a chuireann a gcuid scoileanna ar fáil. Níl sé i gceist na seirbhísí seo a chur in áit na seirbhíse agus na comhairle luachmhaire a thugann scoileanna d'iarrthóirí tráth na dtorthaí gach bliain. Lena chois sin, bíonn teacht ag iarrthóirí ar na cáipéisí riachtanacha taca ar fad sna scoileanna chun leas a bhaint as na próisis bhreathnaithe agus achomhairc.

Is iad seo a leanas sonraí na n-uimhreacha teileafóin don tseirbhís teileafóin:

An uimhir le glaoch uirthi taobh istigh de Phoblacht na hÉireann: 1530 719 290.

33c sa nóiméad (CBL san áireamh) a chosnaíonn glao. Is féidir go mbainfeadh costais bhreise le glaonna ó tháillefóin agus ó fhóin phóca.

An uimhir le glaoch uirthi taobh amuigh de Phoblacht na hÉireann: 00353 1 6885312 (Rátaí glaonna idirnáisiúnta i gceist). Le ton-teileafón amháin atá rochtain ar an tseirbhís seo.

Tacaíocht theicniúil: Má tá deacrachtaí teicniúla agat agus tú ag iarraidh leas a bhaint as an tseirbhís seo is féidir glaoch ar Thacaíocht Theicniúil ar 0818 217 100.

Is é **www.examinations.ie** an seoladh chun teacht ar thorthaí ar an Idirlíon.

Cuirfear an PIN ar fáil duit ar scoil nó tabharfar go díreach duit é má chuir tú isteach ar an scrúdú mar iarrthóir seachtrach.

LÍNTE CABHRACH

Bíonn líne chabhrach ag an gCoimisiún do scoileanna ar feadh na chéad seachtaine tar éis eisiúint na dtorthaí. Is é an cuspóir atá leis sin ná a chur ar chumas scoileanna fadhb ar bith le torthaí sealadacha iarrthóirí indibhidiúla a réiteach go tapa. Gach bliain eagraíonn Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (Iarbhunoideachais) líne chabhrach fhiúntach a thugann comhairle agus treoir d'iarrthóirí agus do thuismitheoirí. Bíonn comhairleoirí proifisiúnta gairmthreorach ina bun ar feadh seachtaine tar éis eisiúint na dtorthaí. (Cuireann an Chomhairle líne chabhrach ar fáil freisin ar feadh seachtaine tar éis eisiúint na dtairiscintí CAO). Is í an Uimhir Saorfóin don dá líne chabhrach ná 1800 265 165. Is í an ghnáthuimhir theileafóin ag Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (Iarbhunoideachais) d'fhiosruithe ginearálta ná (01) 8302740.

AN ROGHA CHUN BREATHNÚ AR SCRIPTEANNA SCRÚDAITHE MARCÁILTE

An mbeidh deis agam breathnú ar mo scripteanna i mbliana?

Beidh. Is é atá i gceist ná deis a thabhairt d'iarrthóir breathnú ar an gcaoi ar marcáladh an script áirithe. Más tú an t-iarrthóir atá i gceist ní mór duit a shocrú ar dtús más mian leat breathnú ar script agus ní mór duit a bheith i láthair go pearsanta san ionad breathnaithe chun é sin a dhéanamh. Ní scaoilfear do scripteanna amach chuig duine ar bith eile, fiú amháin le do chead. B'fhéidir gur mhaith leat nóta ar leith a dhéanamh den choinníoll sin agus socruithe saoire á ndéanamh agat. Beidh cead ag gach iarrthóir duine amháin eile a thabhairt in éineacht leis/léi agus é/í ag breathnú ar script. Tá dianchosc ar iarrthóirí agus ar na daoine bhíonn in éineacht leo, pinn, pinn luaidhe, etc., nó aon ábhar scríbhneoireachta, a thabhairt isteach san ionad breathnaithe. Tá gá leis an riail sin chun na scrúduithe a choinneáil slán.

An mbeidh teacht agam ar na marcanna ar mo chuid béaltrialacha agus ar mo chuid scrúduithe praiticiúla?

Is iad na scripteanna na scrúduithe scríofa amháin a thugtar ar ais. Déantar na béaltrialacha ar fad a thaifeadadh agus déantar athbhreithniú ar chomhpháirteanna uile an ábhair i gcás achomhairc.

An bhfuil sé riachtanach go mbreathnóinn ar mo scripteanna más mian liom achomharc a dhéanamh?

Níl. Is féidir iarratas achomhairc a dhéanamh gan breathnú ar an script. Tugann an áis bhreathnaithe deis d'iarrthóir, áfach, a bhraitheann nach cruthú iomlán fírinneach é an grád a ghnóthaíonn sé/sí ar a f(h)eidhmíocht lá an scrúdaithe, a fheiceáil cén chaoi ar cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm ar a c(h)uid oibre.

Conas a dhéanaim iarratas ar bhreathnú ar scripteanna?

Nuair a fhaigheann tú do chuid torthaí beidh foirm iarratais phearsanta ag an scoil ón gCoimisiún, a thaispeánfaidh do chuid sonraí scrúdaithe, agus na hábhair san áireamh. Má shocraíonn tú gur mhaith leat breathnú ar script(eanna) áirithe déanfaidh tú an fhoirm a mharcáil dá réir. Ní mór duit an fhoirm chomhlánaithe a chur ar ais go dtí an scoil ina ndearna tú an scrúdú faoi Dé Máirt, 18ú Lúnasa, 2009.

Cad a tharlóidh ina dhiaidh sin?

Sonróidh an Feitheoir Eagrúcháin a bheidh ceaptha ag an gCoimisiún don scoil agat ceann amháin de na seisiúin bhreathnaithe seo duit. Tionólfar na seisiúin bhreathnaithe mar seo a leanas:
Dé hAoine 28ú Lúnasa, 2009 ó 6.00 p.m. go dtí 9.00 p.m. (Seisiún 1)
Dé Sathairn 29ú Lúnasa, 2009 ó 9.00 a.m. go dtí 12.00 meán lae (Seisiún 2)
Dé Sathairn 29ú Lúnasa, 2009 ó 2.00 p.m. go dtí 5.00 p.m. (Seisiún 3).

Próiseas na nAchomharc

Foilseoidh an Coimisiún leabhrán eolais ar leith ina mbeidh mionsonraí breise maidir le próiseas na n-achomharc. Beidh sé ar fáil d'iarrthóirí sna scoileanna tráth a eiseofar na torthaí i mí Lúnasa. I gcás iarrthóirí seachtracha, beidh sé ar fáil i dteannta a gcuid torthaí.

SLIOCHT AS RIALACHA AGUS CLÁR DO MHEÁNSCOILEANNA 2004/2005

ROINN XI. IOMPAR IARRTHÓIRÍ LE LINN SCRÚDUITHE

56. Tá a **f(h)reagracht féin** ar gach iarrthóir na laethanta agus na huaireanta a nótáil, mar atá siad socraithe ar an amchlár, do na scrúduithe sna hábhair a bhfuil sé ar intinn ag an iarrthóir é/í féin teacht i láthair dóibh.

Ní mór d'iarrthóirí a bheith sa halla scrúdaithe leathuair an chloig ar a laghad sula dtosaíonn an scrúdú sa chéad ábhar a dtagann siad i láthair dó. Ní mór dóibh, na

laethanta ina dhiaidh sin, a bheith i láthair cúig nóiméad déag ar a laghad roimh an am atá luaite ar an amchlár. Beidh sé de fhreagracht ar na hiarrthóirí a gcuid socruithe féin a dhéanamh chun a dheimhniú go mbeidh siad i láthair in am trátha sa halla scrúdaithe.

Ní mór d'iarrthóirí seachtracha rolla tinrimh (Foirm E10A) a shíniú ag tús gach scrúdaithe. Ní mór don síniúchán ar an rolla seo **a bheith ag teacht ina chruth agus ina fhormáid leis an síniúchán ar chárta aitheantais an iarrthóra.**

Ní thabharfar cead isteach d'iarrthóir ar bith sa scrúdú i bpáipéar ar bith tar éis tríocha nóiméad den am atá ceadaithe don pháipéar sin a bheith caite.

57. Ní féidir cead a thabhairt d'iarrthóir ar bith an halla scrúdaithe a fhágáil go dtí go mbeidh tríocha nóiméad caite ón am a thosaigh an scrúdú.

58. Ní féidir cead a thabhairt d'iarrthóir an halla a fhágáil agus filleadh ar ais le linn na tréimhse scrúdaithe mura bhfuil an Feitheoir sásta go bhfuil sé sin riachtanach (e.g. tinneas an iarrthóra, géarghá dul go dtí an leithreas, etc.). Ní thabharfar cead isteach arís sa halla scrúdaithe d'iarrthóir a fhágann an halla ag am ar bith le linn an scrúdaithe mura mbíonn ionadaí ón údarás scoile i bhfeighil an iarrthóra, nó, ina áit sin, mura mbíonn sé/sí i bhfeighil an Fheitheora i gcaitheamh an ama ar fad a bhfuil sé/sí as láthair ón halla.

Ní mór don iarrthóir an freagarleabhar agus an ceistpháipéar a thabhairt don Fheitheoir ar fhágáil an halla dó/di; is cóir don Fheitheoir taifead a dhéanamh ar chlúdach an fhreagarleabhair den am fágála agus den am fillte ar an halla agus, chomh maith, den chúis a bheith as láthair; ní féidir an t-am a chailleann an t-iarrthóir a chúiteamh ag deireadh na tréimhse scrúdaithe.

Is cóir sonraí aon eachtra dá leithéid a thuairisciú ar an Liosta Faisnéise cuí.

59. Ní mór d'iarrthóir a fhágann an halla scrúdaithe sula mbíonn tréimhse scrúdaithe ar bith caite a scrúdpháipéar agus a f(h)reagarleabhar a thabhairt don Fheitheoir.

60. Ní mór d'iarrthóir fanacht i gcaitheamh an scrúdaithe ar fad san ionad a shonraíonn an Feitheoir dó/di an chéad uair, mura dtreoraíonn an Feitheoir a mhalairt dó/di.

61. Is cóir d'iarrthóir a lámh a chur in airde más mian leis/léi aird an Fheitheora a fháil le linn an scrúdaithe. Ar an iarrthóir féin atá an fhreagracht a dheimhniú go gcuirfidh sé/sí in iúl don Fheitheoir murar tugadh scrúdpháipéar dó/di ar an leibhéal atá beartaithe aige/aici a dhéanamh ag gach scrúdú.

62. Ní scríobhfaidh iarrthóir ar bith a (h)ainm ar fhreagarleabhar ná ar pháipéar ar bith eile a thugtar dó/di. Is cóir uimhir an iarrthóra a chur ar gach clúdach, freagarleabhar, léarscáil, líníocht, nó bileog de pháipéar cearnach a úsáidtear.

Níor chóir d'iarrthóirí tosú ag scríobh go dtí go ndeir an Feitheoir leo é.

63. Ní mór d'iarrthóir na sonraí a éilítear maidir leis an ábhar, etc. a chur isteach ar na clúdaigh agus ar na freagarleabhair a úsáideann sé/sí.

64. Is cóir gach freagarleabhar, gach bileog de pháipéar cearnach breise, etc. a thugtar don iarrthóir, pé acu a úsáideadh iad nó nár úsáideach, a fheistiú dá f(h)reagarleabhar sula gcuirtear séala air leis an scorán a chuirtear ar fáil chuige sin.

Is é/í an Feitheoir a thabharfaidh Táblaí Matamaitice d'iarrthóirí. Níl aon chead ag iarrthóirí a dTáblaí Matamaitice féin a thabhairt isteach sa halla scrúdaithe.

65. Ní thabharfaidh iarrthóir na nithe seo isteach sa halla scrúdaithe, ná ní bheidh siad seo a leanas ina s(h)eilbh nó faoina smacht nó ní bheidh teacht aige/aici orthu fad atá sé/sí ina leithéid de sheomra:

(a) leabhar nó páipéar ar bith (seachas a c(h)árta aitheantais, nuair atá a leithéid riachtanach, an scrúdpháipéar, agus na freagarleabhair, etc. a thabharfaidh an Feitheoir dó/di); nó

(b) meamram, nótaí, fón póca, leabhar leictreonach seoltaí, bunachar sonraí ar bith, etc. ach amháin áireamhán nuair a cheadaítear a leithéid de réir na rialachán nó foclóir dátheangach aistriúcháin nuair atá a leithéid ceadaithe.

66. I gcás scrúduithe praiticiúla Ealaíne (i.e. líníocht, ceardaíocht), ceadaítear d'iarrthóirí cibé ábhair a bheidh curtha in iúl ag scoileanna don Choimisiún a thabhairt isteach sa Halla Scrúdaithe.

67. Ní dhéanfaidh iarrthóir, fad atá sé/sí sa Halla Scrúdaithe, a leithéid seo a leanas:

(a) úsáid a bhaint as, nó iarracht ar úsáid a bhaint as, leabhar, meamram, nótaí nó páipéar ar bith (seachas an scrúdpháipéar agus cibé freagarleabhair atá tugtha ag an bhFeitheoir dó/di agus foclóir dátheangach nuair atá úsáid dá leithéid ceadaithe); nó

(b) cúnamh a thabhairt, nó iarracht a dhéanamh ar chúnamh a thabhairt d'iarrthóir eile; nó

(c) cúnamh a fháil, nó iarracht a dhéanamh ar chúnamh a fháil ó iarrthóir eile nó ó Fheitheoir; nó

(d) cumarsáid a dhéanamh, nó iarracht ar chumarsáid a dhéanamh, ar bhealach ar bith, le hiarrthóir eile laistigh den ionad nó ar mhodh leictreonach le duine lasmuigh den ionad.

68. Ní dhéanfaidh iarrthóir a leithéid seo a leanas:
(a) ní scríobhfaidh sé/sí ar an scrúdpháipéar (ach amháin i gcás go bhfuil freagraí le scríobh ar chuid den scrúdpháipéar féin, e.g. sa Mhatamaitic) ná ar chárta aitheantais ná ar Tháblaí Matamaitice ná ar cheann ar bith de na huirlisí matamaitice a thugann sé/sí leis/léi, ach amháin sa chás go mbaineann iarrthóir feidhm as peann aibhsithe nó as folínte mar chúnamh chun an ceistpháipéar a thuiscint;
(b) ní scríobhfaidh sé/sí rud ar bith ar a f(h)reagarleabhar nach bhfuil baint dhíreach aige le hábhar na gceisteanna atá le freagairt;
(c) ní bhainfidh sé/sí duille ar bith ná cuid de dhuille as na freagarleabhair;
(d) ní thógfaidh sé/sí freagarleabhar ar bith amach as an halla scrúdaithe, pé acu a úsáideadh é nó nár úsáideadh, ná ní dhéanfaidh sé/sí iarracht ar a leithéid a dhéanamh.
(e) ní dhéanfaidh sé/sí damáiste don halla scrúdaithe ná don troscán ann.

69. Iarrthóir a bhfuil a c(h)uid oibre críochnaithe aige/aici deich nóiméad ar a laghad roimh an am atá ceaptha do chlabhsúr an scrúdaithe, tá cead aige/aici an halla a fhágáil ach iad seo a leanas a thabhairt don Fheitheoir:
(a) a fhreagarleabha(i)r agus
(b) an scrúdpháipéar.

70. Is cóir d'iarrthóir a chríochnaíonn a c(h)uid oibre le linn an deich nóiméad deiridh den scrúdú fanacht ar a c(h)athaoir go dtí go mbeidh a f(h)reagarleabha(i)r bailithe ag an bhFeitheoir agus níor chóir dó/di an halla a fhágáil ina dhiaidh sin go dtí go mbeidh an t-am atá ceadaithe don scrúdú caite mura gceadaíonn an Feitheoir a mhalairt.

71. Ach a mbeidh an scrúdú críochnaithe is cóir do gach iarrthóir séala a chur ar a f(h)reagarleabha(i)r nó ar a c(h)lúdach, mura bhfuil sé sin déanta acu cheana féin, agus fanacht ar a c(h)athaoir ansin go dtí go mbeidh an/na freagarleabha(i)r bailithe ag an bhFeitheoir.

72. Glacfaidh agus cloífidh iarrthóir, i ngach rud a bhaineann leis an scrúdú, le treoracha an Fheitheora.

73. Sna hábhair sin ina bhfuil níos mó ná páipéar amháin, ní mór d'iarrthóir glacadh leis na páipéir ar fad san ábhar ar an leibhéal céanna, e.g., na páipéir ar fad ar an nGnáthleibhéal nó ar an Ardleibhéal. Ní bheidh cead aige/aici, na páipéir a fháil ná a fheiceáil ar níos mó ná leibhéal amháin san ábhar céanna.

74. Ní mór do gach iarrthóir a thagann i láthair don scrúdú i Staidéar Foirgníochta, Graific Dhearaidh agus Chumarsáide, Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad) nó i nGrafaic Theicniúil clár líníochta a thabhairt leis/leí, mar aon le T-bhacart, scálaí, dronbhacairt, uillinntomhais, compás, peann luaidhe, cuimleoir, agus fáiscíní líníochta nó téip ghreamaitheach.

Ceadaítear d'iarrthóirí uirlisí líníochta matamaitice a úsáid do na scrúduithe go léir.

Ceadaítear stionsail eolaíochta a úsáid sna hábhair Eolaíochta. Ceadaítear sreang a úsáid sa scrúdú Tíreolaíochta mar aon le snáthín, gloine méadaithe agus opasaiméadar.

Ach amháin i gcás go sonraítear a mhalairt sa siollabas sonrach agus ar an bpáipéar scrúdaithe sonrach, ceadaítear áireamháin a úsáid sna scrúduithe go léir, faoi réir an mhéid seo a leanas:

(a) Ní sholáthróidh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ná Coimisiún na Scrúduithe Stáit áireamháin d'iarrthóirí. Ní bheidh freagracht ar ionad scrúdaithe i soláthar áireamhán ná batairí.

(b) Is é an t-iarrthóir a fhéachfaidh chuige go bhfuil an t-áireamhán ag obair i gceart. Ní dhéanfar aon chúiteamh má theipeann ar bhatairí nó ar an áireamhán le linn an scrúdaithe.

(c) Níor chóir aon ghleo a chloisint ón áireamhán agus níor chóir a bheith ag brath ar phríomhlíonra leictreach.

(d) Níor chóir áireamháin a fháil ar iasacht ó iarrthóirí eile i gcaitheamh an scrúdaithe.

(e) Ní cheadaítear áireamháin in-ríomhchláraithe. Ciallaíonn "in-ríomhchláraithe" aon áireamhán atá in ann seicheamh eochairbhuillí a stóráil a fhéadfar a aisghabháil tar éis cumhacht an áireamháin a mhúchadh nó nuair a mhúchann an chumhacht uaidh féin. Ní hionann áireamhán a bheith in-ríomhchláraithe agus an cumas a bheith ann áirimh atá ríomhtha cheana féin a athghlaoch, a athchóiriú agus a athsheinm, ar an gcoinníoll go nglantar an chuimhne athsheinme seo nuair a mhúchtar cumhacht an áireamháin. Chomh maith leis sin, níl áireamhán in-ríomhchláraithe mar gheall ar an áis a bheith ann chun uimhreacha a stóráil in ionad cuimhne amháin nó breis.

(f) Ní cheadaítear aon áireamhán leis na saoráidí matamaitice seo a leanas:

- graf-bhreacadh
- réiteach cothromóidí
- ionramháil shiombalach ailgéabrach
- suiméail uimhriúil
- difreáil uimhriúil
- ríomhanna maitríse

(g) Ní cheadaítear aon áireamhan leis na saoráidí ginearálta seo:

- bunachair sonraí
- foclóirí
- aistritheoirí teangacha
- aisghabháil téacs
- cumas cianchumarsáide

(h) Ní foláir d'iarrthóirí a chur in iúl ar a leabhair freagraí cén déantús agus cineál áireamhán(áin) a úsáideadh sa scrúdú.
(i) Níl cead ag iarrthóirí lámhleabhar treoracha a thabhairt isteach i halla na scrúduithe. San áireamh anseo, tá treoracha atá clóite ar chlúdach an áireamháin. Ní mór treoracha ar bith atá ar chásáil nach féidir a bhaint den áireamhán a chlúdach go daingean.
(j) Níl cead ag iarrthóirí na háireamháin a chur ar siúl go dtosaíonn an scrúdú.
Ní cheadaíonn an riail seo d'iarrthóir aon ghaireas a bheadh in aon slí eile coiscthe, a thabhairt isteach in ionad na scrúduithe. Go háirithe, ní cheadaítear fón póca, eagraí leictreonach nó gairis eile mar sin i gcúinse ar bith. (Féach riail 65 thuas).

75. Is féidir iarrthóir a dhíbirt as halla scrúdaithe má bhíonn iompar ar bun aige/aici a chuireann reáchtáil shásúil an scrúdaithe i mbaol. Is féidir an scrúdú i ngach ábhar a dhícheadú má chuirtear isteach ábhar pornagrafaíoch nó ábhar gránna ar bith eile nó má chuirtear airgead/seic ar bith isteach leis an script.

76. I gcás go mbeidh an Coimisiún den tuairim gur sáraíodh na Rialacha seo, is cóir dó an Roinn a chur ar an eolas ina thaobh agus is faoin Aire atá, cinneadh a dhéanamh maidir leis an bpionós a bheidh le gearradh. I gcás go bhfuil an tAire den tuairim gur sháraigh iarrthóir ar bith na Rialacha seo, go ndearna sé/sí iarracht ar thoradh scrúdaithe a fháil nach bhfuil an t-iarrthóir ina theideal, nó gur chuir sé/sí a leithéid de thoradh ar fáil nó go ndearna sé/sí iarracht ar a leithéid a dhéanamh nó gur chuir sé/sí eolas míchruinn ar fáil maidir lena (h)iarrthóireacht, is féidir an scrúdú féin nó marcanna a bhaint d'iarrthóir dá leithéid, nó asbhaint a dhéanamh mar is cuí leis an Aire as suim iníoctha ar bith maidir le deontas nó scoláireacht ar bith a ghnóthaigh an t-iarrthóir, de réir na tuairime a shocróidh an tAire maidir le tromchúis an chiona; agus féadfaidh an tAire, mar is cuí leis an Aire é, ainm agus seoladh an iarrthóra a fhoilsiú de réir mar a thugtar iad san fhógra a bheith i láthair don scrúdú, mar ainm agus seoladh iarrthóra ar gearradh pionós air/uirthi agus féadfaidh an tAire, de réir na tuairime a shocróidh an tAire maidir le tromchúis an chiona, an t-iarrthóir a dhícheadú ó iontráil ar scrúduithe ar bith de chuid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta go ceann feadh cibé tréimhse a shocróidh an tAire.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA
SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA FEIDHMÍ
TRÁTHCHLÁR 2009

Ba chóir do gach iarrthóir a thabhairt dá (h)aire cé na laethanta agus na tráthanna atá socraithe sa tráthchlár oifigiúil seo do na scrúduithe sna hábhair a mbeidh sé/sí ag dul faoi scrúdú iontu. Ní bheidh an Coimisiún freagrach as botúin ar bith a d'fhéadfadh tarlú i dtáirgeadh an tráthchláir seo ag áisíneachtaí seachtracha. Ní mór do na hiarrthóirí a bheith i láthair leathuair ar a laghad roimh thús an scrúdaithe sa chéad ábhar a mbeidh siad ag dul faoi scrúdú ann.

AN ARDTEISTIMÉIREACHT FEIDHMEACH		MEITHEAMH	AN ARDTEISTIMÉIREACHT	
AM	CÚRSA		ÁBHAR A = Ardleibhéal G = Gnáthleibhéal B = Bonnleibhéal	AM
9.45 – 11.45 2.00 – 4.00	Béarla agus Cumarsáid Oideachas Sóisialta	**DÉ CÉADAOIN** **3**	**Béarla, Páipéar I - A & G** Eacnamaíocht Bhaile - Eolaíoch agus Sóisialta - A & G	**9.30 –12.20** 2.00 – 4.30
9.30 – 10.30 9.30 – 12.30 2.00 – 4.30 2.00 – 3.00	Gaeilge Chumarsáideach Teanga Chomharthaíochta (féach nóta 4) Teanga Chomharthaíochta (féach nóta 4) Fraincis / Gearmáinis / Spáinnis / Iodáilis	**DÉARDAOIN** **4**	**Béarla, Páipéar II - A & G** Innealtóireacht - G Innealtóireacht - A	**9.30 – 12.50** 2.00 – 4.30 2.00 – 5.00
9.30 – 11.30 2.00 – 3.30	Feidhmeanna Matamaitice Lónadóireacht Óstáin agus Turasóireacht	**DÉ hAOINE** **5**	Matamaitic, Páipéar I - A & G & B **Tíreolaíocht - A & G**	9.30 – 12.00 **2.00 – 4.50**
9.30 – 11.00 2.00 – 3.30	Innealtóireacht Cúram Leanaí / Cúram Pobail	**DÉ LUAIN** **8**	Matamaitic, Páipéar II - A & G & B **Gaeilge, Páipéar I - A & B** **Gaeilge, Páipéar I - G** Gaeilge - B - Cluastuiscint (Féach Nóta 1) Gaeilge - A & G - Cluastuiscint (Féach Nóta 1)	9.30 – 12.00 **1.30 – 4.20** **1.30 – 3.50** 4.30 – 5.10 4.30 – 5.10
9.30 – 11.00 11.30 – 1.00 2.30 – 4.00	Staidéar Grafaice agus Tógála Gruaig agus Sciamh Riarachán Oifige agus Cúram Custaiméirí	**DÉ MÁIRT** **9**	**Gaeilge, Páipéar II - G** **Gaeilge, Páipéar II - A** Araibis - A & G Rúisis - A & G - Scríofa - Cluastuiscint (Féach Nóta 1) Gnó - G Gnó - A	**9.30 – 11.50** **9.30 – 12.50** 9.30 – 12.30 9.30 – 12.00 12.10 – 12.50 2.00 – 4.30 2.00 – 5.00
9.30 – 11.00 2.00 – 4.00	Talmhaíocht / Gairneoireacht Teicneolaíocht	**DÉ CÉADAOIN** **10**	Fraincis - A & G - Scríofa - Cluastuiscint (Féach Nóta 1) **Stair - A & G**	9.30 – 12.00 12.10 – 12.50 **2.00 – 4.50**
9.30 – 11.00 2.00 – 3.30	Staidéar Fóilíochta Gníomhaí Ceardaíocht agus Dearadh	**DÉARDAOIN** **11**	Bitheolaíocht - A & G Ealaín - Stair & Léirthuiscint - A & G	9.30 – 12.30 2.00 – 4.30
Nótaí **1. Tá am na trialach cluastuisceana bunaithe ar fhad na ndlúthdhioscaí agus ní mhairfidh an triail ina hiomláine agus an t-am léitheoireachta san áireamh nios mó ná 40 nóiméad.** **2. I gcás na seisiún scrúdaithe atá aibhsithe leis an chló uaine, tá sineadh 20 nóiméad curtha leo sa bhreis ar an am a bhí ar fáil go traidisiúnta do na páipéir atá i gceist.** **3. Foilseofar na dátaí do scrúduithe na hArdteistiméireachta san Eabhrais, sa Ghréigis Ársa agus sna Teangacha Eorpacha eile amach anseo.** **4. Is é an clár ama 9.30 – 12.30 agus 2.00 – 4.30 atá leagtha amach don scrúdú san Ardteistiméireacht Fheidhmeach i dTeanga na Comharthaíochta. Déanfar gach iarrthóir a mheasúnú ina (h)aonar ar feadh tuairim is 30 nóiméad. Déanfar sceideal do gach iarrthóir ar leith a dhréachtú le haghaidh gach ionaid roimh an scrúdú.** **5. Is é Dé Céadaoin 9 Meitheamh dáta tosaigh Scrúduithe Teistiméireachta 2010.**		**DÉ hAOINE** **12**	Gearmáinis - A & G - Scríofa - Cluastuiscint (Féach Nóta 1) Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide - A & G	9.30 – 12.00 12.10 – 12.50 2.00 – 5.00
		DÉ LUAIN **15**	Fisic - A & G Fisic agus Ceimic - A & G Cuntasaíocht - A & G	9.30 – 12.30 9.30 – 12.30 2.00 – 5.00
		DÉ MÁIRT **16**	Spáinnis - A & G - Scríofa - Cluastuiscint (Féach Nóta 1) Ceimic - A & G	9.30 – 12.00 12.10 – 12.50 2.00 – 5.00
		DÉ CÉADAOIN **17**	Eacnamaíocht - A & G Eacnamaíocht Talmhaíochta - A & G Staidéar Foirgníochta - G Staidéar Foirgníochta - A Laidin - A & G Léann Clasaiceach - A & G	9.30 – 12.00 9.30 – 12.00 2.00 – 4.30 2.00 – 5.00 2.00 – 5.00 2.00 – 5.00
		DÉARDAOIN **18**	Eolaíocht Talmhaíochta - A & G Ceol - Éisteacht (Lárnach) - A & G Ceol - Cumadóireacht - A & G Ceol - Éisteacht (Sainstaidéar) - A	9.30 – 12.00 1.30 – 3.00 3.15 – 4.45 5.00 – 5.45
		DÉ hAOINE **19**	Oideachas Reiligiúnach - G Oideachas Reiligiúnach - A Matamaitic Fheidhmeach - A & G Iodáilis - A & G - Scríofa - Cluastuiscint (Féach Nóta 1) Seapáinis - A & G - Scríofa - Cluastuiscint (Féach Nóta 1) Teicneolaíocht - G Teicneolaíocht - A	9.30 – 11.30 9.30 – 12.00 9.30 – 12.00 2.00 – 4.30 4.40 – 5.20 2.00 – 4.30 4.40 – 5.20 2.00 – 4.00 2.00 – 4.30

Temple Printing Co. Ltd., Athlone